



# Treoir do Sheirbhísí Mac Léinn

## Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



- Fáilte ó Dheán na Mac Léinn
- An tSeirbhís Ghairmthreorach
- Seirbhís Sláinte an Choláiste
- An tSeirbhís Mhíchumais
- Spórt i gColáiste na Tríonóide
- Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn
- Seirbhís na nOidí
- Naíolann Choláiste na Tríonóide
- Séiplíneacht Choláiste na Tríonóide
- Oifig na Gaeilge

# Fáilte ó Dhéan na Mac Léinn

**Dia duit,**

**Tá an-ríméad orm fáilte a chur romhat chuig an treoirleabhar Gaeilge ar Sheirbhísí Mac Léinn. Is mise Déan na Mac Léinn agus cuid de mo phostsa tusa a spreagadh chun an leas is fearr a bhaint as do sheal anseo linn. Chuige sin cuidímse le beartais agus cleachtais dírithe ar an mac léinn a chur chun cinn sa Choláiste agus a chinntiú go bhfuil an Coláiste ag obair le tacú leatsa.**

Tá súil againn go n-aireoidh tú go bhfuil ar do chumas an leas is fearr a bhaint as do thréimhse anseo sa Choláiste, go hacadúil, go sóisialta agus ó thaobh caitheamh aimsire de agus go gcuideoidh na seirbhísí a ndéantar cur síos orthu sa treoirleabhar seo leat sin a dhéanamh. Cibé cé as tú, cibé cén cúlra atá agat, cibé cén staid a bhfuil tú sa saol nó i saol an Choláiste, cibé cé na nithe is mian leat a bhaint amach amach anseo, tá na seirbhísí anseo duit cibé uair a theastóidh siad uait. Laistigh den treoirleabhar tiocfaidh tú ar chur síos gonta chomh maith le heolas soiléir chun teacht ar gach ní a theastóidh uait le bheith sásta, folláin agus le go mbeidh cóimheá maith idir do chuid oibre, caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí lasmuigh den churaclam. Glac nóiméad le súil a chaitheamh air agus faigh amach conas mar atáimid ábalta cabhrú leatsa an chuid is fearr a dhéanamh den Choláiste.



*Is mise le meas,  
Amanda Piesse*



# An tSeirbhís Ghairmthreorach

Cuireann an tSeirbhís Ghairmthreorach (CAS) réimse leathan seirbhísí agus acmhainní ar fáil chun cuidiú le mic léinn cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena saol oibre amach anseo, réiteach do na cinntí sin agus iad a chur ag obair. Oibrimid go dlúth leis na dámha acadúla chun eolas agus scileanna riachtanacha a roinnt le mic léinn le stiúir a ghlacadh go neamhspleách ar a ngairmeacha tar éis dóibh an Coláiste a fhágáil.

I measc na seirbhísí a chuireann an CAS ar fáil tá Ionad Eolais ar Ghairmeacha chomh maith le láithreán gréasáin a bhfuil duaiseanna buaite aige. Tá eolas le fáil ar gach gné den phróiseas pleanála gairme, cuardach fostaíochta, intéirneachtaí agus roghanna breis-staidéir chomh maith le mionsonraí ar imeachtaí leanúnacha gairme agus imeachtaí earcaíochta do chéimithe. Cuirimid clár

cuimsitheach seimineár ar fáil freisin lena n-áirítear ‘CV a Ullmhú’, ‘Foirmeacha Iarratais’ agus ‘Teicnící Agallaimh’ (agus an deis agallaimh chleachtaidh a thaifeadadh). Chomh maith leis sin iarrtar ar mhic léinn bualadh le gairmthreoraí a bhfuil taithí aige/aici agus leas a bhaint as uirlisí treorach ríomhaire-bhunaithe an Choláiste agus as an gclár trialach iniúilachta.

Spreagtar na mic léinn ar fad i gColáiste na Tríonóide le scileanna agus muinín a fhorbairt trí bheith páirteach i gclubanna agus i gcumainn, in obair dheonach agus



Tugann clár VACWORK an Choláiste deis do mhic léinn taithí oibre a fháil an samhradh roimh bhliain na céime. Cuidíonn Oifig an Chompháirteachais Phoiblí leat deis obair dheonach a oireann duitse a aithint agus tabhairt faoi fad a bhíonn tú i do mhac léinn i gColáiste na Tríonóide. I measc na ndeiseanna a bhíonn ar fáil tá obair phobail dheonach in Éirinn agus thar lear, tacaíocht le gradam Gaisce Gold - Gradam Uachtarán na hÉireann a bhaint amach chomh maith le rannpháirteacht sa tSeirbhís Dheonach Eorpach.

Leanann CAS ag cur tacaíocht gairme ar fáil do chéimithe i ndiaidh a tréimhsí anseo. Tá CAS i gcomhar le hOifig an Alumni ag cur Líonra Gairme Alumni Choláiste na Tríonóide ar fáil, a bhfuil ag éirí thar cionn leis agus a chuireann ceardlanna agus gníomhaíochtaí ar fáil le cuidiú le céimithe a bheadh ag cuardach fostaíochta chomh maith leo sin a bheadh ag beartú gairm a athrú, tacaíocht ghairme ar fáil théis do chéime. Chomh maith leis sin tá Front Gate Online ann, pobal alumni láithreán-bhunaithe a thugann deis do mhic léinn ceangal le halumni eile agus tacú le mic léinn reatha.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach [www.tcd.ie/Careers](http://www.tcd.ie/Careers)

# Seirbhís Sláinte an Choláiste

Féachann Seirbhís Sláinte an Choláiste le cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir le sláinte mac léinn. Chomh maith le príomhchúram sláinte a chur ar fáil ar an gcampas do mhic léinn cláraithe díreáir freisin ar ghnéithe síceolaíochta agus teiripe shláinte na mac léinn chomh maith le hoideachas sláinte. Níl aon chostas ar chomhairle do mhic léinn agus is táillí measartha a bhíonn ar sheirbhísí breise.

Chomh maith le clinicí cleachtaidh ginearálta agus altra a bheith ar fáil bíonn clinicí speisialtóireachta fisiteiripe, síciatracha, sláinte ag taisteal, sláinte ghnéis, mí-oird itheacháin agus mionbráidí ar fáil. Buail isteach chuig oifig fháiltithe Sheirbhís Sláinte an Choláiste ag Teach 47, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2 chun coinne a dhéanamh nó glaoigh ar an oifig fháiltithe ag +353 1 896 1591 / 1556.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach [www.tcd.ie/College\\_Health](http://www.tcd.ie/College_Health)



## An tSeirbhís Mhíchumais

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta do pholasáí comhdheiseanna san oideachas agus do chinntiú go mbeidh an rochtain is iomláine agus is cothroime ar gach gné de shaol an Choláiste agus is féidir a chur ar fáil go réasúnta do gach mac léinn. Áirítear air sin mic léinn a mbeadh bail fhisiciúil, chéadfach, leighis, mheabhairshláinte nó deacracht shonrach foghlama ag dul dóibh a mbeadh tionchar aige ar a gcumas spriocanna acadúla a bhaint amach.

Gairmithe a bhfuil taithí acu atá ag obair sna Seirbhísí Míchumais a bhfuil eolas agus saineolas acu ar shaincheisteanna comhionannais. Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an bhfoireann acadúil, le teagascóirí, riarthóirí agus seirbhísí tacaíochta eile chun freastal ar riachtanais mac léinn a bheadh faoi mhíchumas.

Tá eolas cuimsitheach le fáil ar an réimse iomlán seirbhísí a chuirtear ar fáil ag [www.tcd.ie/disability](http://www.tcd.ie/disability) nó glaoigh ar an tSeirbhís Mhíchumais go díreach ag +353 1 896 3111.



Ar dul isteach sa Choláiste ...

Má tá míchumas nó deacracht sonrath foghlama ag dul duit moltar duit clárú leis an tSeirbhís Mhíchumais lena fháil amach cé na tacaíochtaí a bheadh de dhíth ort. Is féidir clárú am ar bith. Chun spriocdhátaí na dtacaíochtaí a bheadh de dhíth ort a chomhlíonadh áfach ar nós cóiríocht scrúduithe molaimid duit clárú a luaithe agus is féidir.

### **Seirbhís Unilink**

Seirbhís tacaíochta teiripe shaothair faoi rún atá i Unilink do mhic léinn Choláiste na Tríonóide a mbeadh deacrachtaí meabhairshláinte acu agus/nó deacrachtaí céadfacha nó fisiciúla. An aidhm atá leis an tseirbhís Unilink ná cur ar do chumas-sa, an mac léinn, straitéisí féinbhainistithe praiticiúla a fhorbairt le haire a thabhairt do do shláinte agus cuidiú leat do chuid tascanna sa Choláiste a thabhairt chun críche agus a bheith lánpháirteach i saol an choláiste. Is teiripeoirí saothair cáilithe a bhfuil taithí acu ar fad atá ag obair i Unilink.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Sheirbhís Unilink téigh chuig láithreán gréasáin Unilink ag: [www.tcd.ie/disability/services/Unilink/index.php](http://www.tcd.ie/disability/services/Unilink/index.php)

## Spórt i gColáiste na Tríonóide

**Tá Ionad Spóirt den déanamh is nua-aimseartha chomh maith le roinnt láithreán spóirt faoin aer ag Coláiste na Tríonóide. I measc na n-iliomad saoráidí atá ar fáil san Ionad Spóirt tá linn snámha, seomraí allais agus gaile, ionad aclaíochta, seomraí do chúram iomlánaíoch srl. Reáchtáiltear réimse spóirt sa bpríomh-halla lena n-áirítear cispheil, badmantan, eitpheil agus sacar 5 an taobh.**

Freisin ar an gcampas tá cúirteanna scuaise, cúirteanna leadóige, páirceanna futsal, rugbaí, sacair agus cruicéid chomh maith le raon lúthchleasa féir sa samhradh.

Eagraítear clár bríomhar ranganna áineasa le linn na bliana inar féidir le gach duine a mbeadh suim acu i spórt, cuma cén leibhéal ag a bhfuil siad, páirt a ghlacadh iontu. I measc na roghanna tá Rothaíocht Stiúideo, Power Pump, Pilates, Cúrsaí/ciorcaid agus go leor eile. Deis iontach atá anseo bealach maireachtála folláin agus spóirtiúil a choinneáil fad a bhítear ag staidéar i gColáiste na Tríonóide.






Dhá mhíle ón gColáiste tá teach bád ina reáchtáiltear Clubanna Bád na bhFear agus na mBan. Ag Ascaill Sheantraibh, cúig mhíle ó thuaidh den champas tá páirceanna breise rugbaí, sacair, hacaí agus cluichí Gaelacha.

Tá ballraíocht ag suas le 50 club éagsúla i gClub Lúthchleasa an Choláiste (D.U.C.A.C.). Is mór ag D.U.C.A.C. go bhfuil sé ábalta freastal ar gach aon duine, cibé cén leibhéal ag a bhfuil siad ó thaobh spóirt de, ón té a bheadh ag tosú go dtí réaltaí idirnáisiúnta spóirt.

Ag leibhéal idir-choláiste anuraidh, d'éirigh le foirne Choláiste na Tríonóide i líon spóirt lena n-áirítear Rothaíocht, Cluichí Gaelacha, Pionsóireacht, Scuais, Rianadóireacht, Rugbaí (7), Sár-Fhriosbaí agus Peil Mheiriceánach chomh maith leis na sraitheanna tríú leibhéal i mBadmantan agus in Eitpheil a bhuachan. Chomh maith leis sin bhuaigh an Club Bád agus Club Bád na mBan an 'Ollscoil is Fearr' ag Craobh Ollscoileanna na hÉireann agus d'éirigh go maith le mic léinn aonair ag leibhéal idir-ollscoile, réigiúnach agus náisiúnta ina rogha spóirt. I Roinn 1 de Shraith Laighean a imríonn Club Haca Ban DU agus fuair an fhoireann Peile Gaelaí ardú céime go dtí Roinn 1 i mbliana agus imreoidh siad i gcomórtas Sigerson.

Is iad na mic léinn a reáchtálann na clubanna agus ar an tslí seo airíonn siad gur leo féin iad agus bíonn siad tiomanta dá réir. Cuidíonn sin ó thaobh rathúlacht foirne agus forbairt phearsanta na mac léinn agus is iontach an bealach é le bualadh le daoine agus scileanna cumarsáide, eagraíochta, ceannaireachta, airgeadais agus riaracháin a fhorbairt. Cuimsíonn Clubanna Spóirt na gníomhaíochtaí seo a leanas: Aikido, Peil Mheiriceánach, Badmantan, Cispheil, Bádóireacht, Dornálaíocht, Camógaíocht, Dreapadóireacht, Cruicéad, Croquet, Rothaíocht, Eachaíocht, Pionsóireacht, Peil Ghaelach, Galf, Liathróid Láimhe, Rith agus Lúthchleasa, Judo, Karate, Cadhcáil, Leadóg Plásóige,



Liathróid Lín, Rianadóireacht, Raidhfil, Rugbaí, Seoltóireacht, Spórt Sneachta, Sacar, Scuais, Fo-Uisce, Tonnmharcaíocht, Snámh, Leadóg Boird, Tae Kwon Do, Trampailín, Trí-atlan, Sár-Fhríosbaí, Eitpheil agus Clársheoltóireacht.

### **Scoláireachtaí Spóirt**

Bronntar scoláireachtaí spóirt ar na fir agus ar na mná spóirt ar chaighdeán náisiúnta/idirnáisiúnta a thagann go Coláiste na Tríonóide le dul ag staidéar agus le dul san iomaíocht. Seo a leanas na buntáistí a chuireann na scoláireachtaí ar fáil:

- Deontas airgeadais
- Measúnú fiseolaíoch/tástáil aclaíochta agus traenáil iardain
- Ceardlanna, lena n-áirítear Cothú, Síceolaíocht, etc.

Bíonn scoláireachtaí oscailte do gach spórt agus is féidir iad a athnuachan (ar bhonn bliantúil) ar feadh suas le 4 bliain. Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ón láithreán gréasáin a thugtar thíos. Tabhair aird ar na spriochdhátaí.

Le liosta iomlán de na scoláirí spóirt reatha atá ann agus le tuilleadh eolais faoin gclár a fháil, téigh i dteagmháil leis an Roinn Spóirt:

Teil: +353 1 896 1502 | Ríomhphost: [sport@tcd.ie](mailto:sport@tcd.ie) Láithreán Gréasáin:

[www.tcd.ie/sport](http://www.tcd.ie/sport)

# Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn

Tá Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn (Comhairleoireacht, Forbairt Foghlama na Mac Léinn agus Student2Student) ann chun cabhrú leat sult iomlán a bhaint as do chuid ama anseo sa Choláiste agus a bheith rannpháirteach go hiomlán ann. Is seirbhís faoi rún í, le foireann ghairmiúil, agus tá sí ar fáil saor in aisce do gach mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide.

Tairgeann sí cúnamh chun cabhrú leat aistriú isteach i saol an Choláiste agus déileáil le haon fhadhbanna pearsanta nó mothúchána a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar do chuid staidéir nó dul chun cinn san Ollscoil.

## I measc na seirbhísí tá:

- Comhairleoireacht aonair ghearrthéarma le haghaidh saincheisteanna pearsanta, lena n-áirítear seal éigeandála gach lá.
- Grúpaí agus ceardlanna ar thopaicí éagsúla: e.g. dúlagar, imní, fadhbanna itheacháin, méala, machnamh aireachais agus tacaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta nua.



- Seirbhís theileafóin iar-ama:- Niteline, á reáchtáil ag mic léinn do mhic léinn. Saorfón: 1 800 793 793, Déardaoin – Luan, 9pm-2.30am
- Tairseach Meabhairshláinte Ar Líne:-  
[www.mymindmatters.ie](http://www.mymindmatters.ie) a thugann eolas féin-chabhrach ar raon saincheisteanna, comhairleoireacht faoi rún ar líne agus fóraim phlé faoi threoir phiaraí.
- Meantóireacht Phiara agus Clár Tacaíochta Piará a thugann deis do mhic léinn tacaíocht a fháil óna gcuid piaraí.

Tá an tseirbhís lonnaithe ar an tríú hurlár i dTeach Phoenix, 7-9 Sráid Laighean Theas, Baile Átha Cliath 2. Is féidir coinne a dhéanamh ag an oifig fháiltithe nó ag +353 1 896 1407.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi na seirbhísí atá ar fáil agus le teacht ar thuilleadh eolais agus acmhainní, tabhair cuairt ar Láithreán Gréasáin Comhairleoireachta na Mac Léinn [www.tcd.ie/student\\_counselling](http://www.tcd.ie/student_counselling)

## Seirbhísí Foghlama Mac Léinn (SLD)

Cabhraíonn SLD le mic léinn na scileanna foghlama cuí a fhorbairt le go n-éireoidh go maith leo sa Choláiste agus sa saol. Má tá tú ag iarraidh feabhas a chur ar do chuid scríbhneoireachta, cur le do scileanna staidéir nó cur i láthair níos fearr a dhéanamh, is féidir linn cabhrú leat. Cuirimid comhairle, acmhainní, comhairliúcháin agus ceardlanna ar fáil saor in aisce do mhic léinn fhochéime agus iarchéime.

<http://student-learning.tcd.ie>  
[student.learning@tcd.ie](mailto:student.learning@tcd.ie)

## Student2Student (S2S)

Tionscnamh faoi chinnireacht mac léinn is ea S2S. Cuirfidh sé eolas, tacaíocht agus pointe teagmhála cairdiúil ar fáil duit, bíodh comhrá uait nó freagra ar cheist éigin. Socraítear Meantóirí Piará do mhic léinn fhochéime atá ag tosú sa Choláiste, agus is féidir le mac léinn ar bith seisiún duine-ar-dhuine le Tacaí Piará a iarraidh trí dhul i dteagmháil linn.

<http://student2student.tcd.ie>  
[Student2student@tcd.ie](mailto:Student2student@tcd.ie)

# Seirbhís na nOidí

## Oide Pearsanta

**Is gné lárnach d'Eispéireas na Tríonóide í Seirbhís na nOidí. Sanntar oide pearsanta ar gach mac léinn fochéime i gColáiste na Tríonóide nuair a thagann siad isteach sa Choláiste. Is baill den fhoireann acadúil iad na hoidí a cheaptar go sonrach ina n-oidí chun tacaíocht acadúil agus phearsanta a chur ar fáil do mhic léinn fochéime, chomh maith lena ngnáthdhualgais acadúla.**

An phríomh-fheidhm atá acu treoir agus comhairle a thabhairt, éisteacht le hábhair imní, cabhrú le mic léinn déileáil le saincheisteanna acadúla agus pearsanta a mhéid agus is féidir agus deacrachtaí níos tromchúisí a chur ar aghaidh chuig na seirbhísí agus na gníomhaireachtaí mac léinn iomchuí.

Cuireann oidí cluas éisteachta, fháilteúil faoi rún ar fáil do mhic léinn, rud a thugann sairse dóibh labhairt faoina gcuid fadhbanna agus ábhair imní acadúla agus pearsanta. Is féidir gurb iad an chéad teagmháil a bhíonn ag mic léinn leis an gColáiste, i neart cásanna.



Bíonn a fhios acu faoin tslí a n-oibríonn an Coláiste agus is foinse eolais luachmhar iad ar ghnéithe áirithe de ghnóthaí an Choláiste: cúnamh airgeadais, dul chun cinn acadúil, seirbhísí tacaíochta do mhic léinn, agus rialacháin an Choláiste. Feidhmíonn siad mar chainéal cumarsáide idir mic léinn agus riarachán an Choláiste chomh maith agus déanann siad ionadaíocht ar a gcuid mac léinn os comhair údarás an Choláiste maidir le cúrsaí disciplíne nó acadúla.

Tá dualgas ar gach mac léinn cuairt a thabhairt ar a n-oide i rith Sheachtain na bhFreshers agus moltar dóibh teagmháil rialta a dhéanamh leis/léi le linn a gcuid ama sa Choláiste. Ba chóir do mhic léinn a n-oide a chur ar an eolas go háirithe faoi aon deacracht a chuireann isteach ar a gcuid staidéir agus a chuireann cosc orthu feidhmiú ag a lánacmhainneacht.

Tugann an tOide Sinsearach agus an fhoireann in Oifig an Oide Shinsearaigh, atá lonnaithe i dTeach 27, tacaíocht do Sheirbhís na nOidí. Faigh tuilleadh eolais ag [www.tcd.ie/Senior\\_Tutor](http://www.tcd.ie/Senior_Tutor)

## **Naíolann Choláiste na Tríonóide**

**Bunaíodh an Naíolann i 1969. Cuireann sí cúram ar fáil do leanaí mhic léinn agus bhaill foirne Choláiste na Tríonóide. Tá líon uasta de 52 áit lánaimseartha aici agus freastalaíonn sí ar leanaí 3 mí go dtí 4.5 bliain d'aois.**

Is iad bainisteoir, maoirseoir agus leas-mhaoirseoir na naíolainne a dhéanann bainistiú ó lá go lá uirthi. Tugann Fóram Comhairleach na Naíolainne tacaíocht agus comhairle don Naíolann. Is fo-ghrúpa de Choiste na Seirbhísí do Mhic Léinn é an Fóram agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach, Rúnaí, Bainisteoir Naíolainne, Maoirseoir agus Ionadaí ar bhaill foirne na Naíolainne, Tuismitheoirí ar Mic Léinn iad, Tuismitheoirí ar Baili Foirne iad, Aontas na Mac Léinn, Oifig an Chisteora agus ionadaí ar na mic léinn iarchéime.

Cuireadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE); Réigiún an Oirthir, ar an eolas faoin Naíolann agus tá sí cláraithe leis an N.C.N.A. (Cumann Náisiúnta na Naíolann). Déanann an naíolann a dícheall na caighdeáin is airde a bhaint amach agus cuireann sí aon mholtaí a dhéanann cigirí i bhfeidhm.



Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Naíolann an Choláiste:

**UIMHREACHA TEILEAFÓIN**

+353 1 896 22277 Oifig na Naíolainne  
896 4301 An Naíolann  
+353 1 896 2057 Montessori

Láithreán Gréasáin: <http://www.tcd.ie/about/services/daynursery/index.php>



# Séiplíneacht Choláiste na Tríonóide

Is áit creidimh agus fáilteachais í an tSéiplíneacht Éacúiméineach, arna reáchtáil ag na 4 Séiplíneach beirt Chaitliceach, Anglacánach amháin agus Modhach amháin. Cuireann an t-ionad buail isteach fáilte roimh gach ball de phobal an Choláiste.

Cuirtear múnú i gcreideamh agus i spioradáltacht na Críostaíochta ar fáil dóibh siúd a bhíonn á lorg, trí na liotúirgí éagsúla, Aifrinn agus Seirbhísí; trí oilithreachtaí agus clubanna leabhar, agus trí threoir phearsanta.

## Na Séiplínigh

Seo a leanas na Séiplínigh, a oibríonn le chéile mar fhoireann: Darren McCallig (Eaglais na hÉireann), Julian Hamilton (Modhach agus Preispitéireach), agus Peter Sexton agus Paddy Gleeson (Caitliceach).

### Darren McCallig

mccalld@tcd.ie  
Oifig: 01-896 1402

### Julian Hamilton

julian.hamilton@tcd.ie  
Oifig: 01-896 1901

### Paddy Gleeson

gleesonp@tcd.ie  
Oifig: 01-896 1260

### Peter Sexton, SJ

sextonpe@tcd.ie  
Oifig: 01-896 1260



## Seirbhísí i Séipéal an Choláiste

Féach ar ár láithreán gréasáin ag [www.tcd.ie/Chaplaincy/chapel.htm](http://www.tcd.ie/Chaplaincy/chapel.htm) le haghaidh mionsonraí faoi sheirbhísí sa séipéal.

### Teach 27

Tá oifigí na Séiplíneachta lonnaithe ag Teach 27 (an chéad urlár agus an dara hurlár). Tá seomra caifé agus seomra cruinnithe anseo chomh maith.

### An Séipéal

Tá an Séipéal lonnaithe ar an gCearnóg Thosaigh, díreach os comhair Halla na Scrúduithe. Tá Séipéal Gailearaí thuas staighre, áit a dtionóltar roinnt seirbhísí.

### Seomraí Urnaí

Tá Seomra Urnaí ann (ina gcoimeádtar an tSacraimint Bheannaithe) tríd an doras ar an taobh clé de phóirse an tSéipéil. Tá an seomra seo ar fáil do dhaoine ó gach traidisiún, le machnamh ciúin a dhéanamh nó le paidreacha a rá, ó 8.00 am go dtí 8.00 pm gach lá. Tá Seomraí Urnaí do Mhoslamaigh in Áirse 7, Halla Goldsmith agus ag Ospidéal San Séamas.

## Roinnt cumainn shuimiúla mac léinn sa Choláiste

<b>Séipéal</b>	<a href="mailto:cchoir@csc.tcd.ie">cchoir@csc.tcd.ie</a>
<b>Christian Union</b>	<a href="mailto:cu@csc.tcd.ie">cu@csc.tcd.ie</a>
<b>St Vincent de Paul Society</b>	<a href="mailto:vdepaul@csc.tcd.ie">vdepaul@csc.tcd.ie</a>
<b>Theological Society</b>	<a href="mailto:theo@csc.tcd.ie">theo@csc.tcd.ie</a>
<b>An Cumann Laurentian</b>	<a href="mailto:laurentian@csc.tcd.ie">laurentian@csc.tcd.ie</a>

# Oifig na Gaeilge

**Tá Oifig na Gaeilge ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste, i measc na foirne agus i measc na mac léinn. Bíonn an tOifigeach Gaeilge ag obair le Coiste na Gaeilge sa Choláiste chun an aidhm seo a bhaint amach.**

Cuireann an Oifig seirbhísí agus eolas ar fáil do húdaráis agus do phobal an Choláiste mar gheall ar an Acht Teanga, agus soláthraíonn an Oifig seirbhís aistriúcháin Gaeilge do bhaill foirne.

Cuireann Oifig na Gaeilge Ranganna Gaeilge ar fáil do mhic léinn sa Choláiste ar bhonn seachtainiúil, i rith an téarma. Tá na ranganna seo saor in aisce, le béim ar labhairt na Gaeilge.

Chomh maith leis sin, tá an cúram ar an Oifig scéimeanna cónaithe Gaeilge na mac léinn a riaradh.


- Dhá scéim chónaithe Gaeilge do mhic léinn
- Árasáin ar an gCampas do mhic léinn 2ú-4ú bhliain
- Árasáin i Halla na Tríonóide nDartraí i mBaile Átha Cliath 6 do mhic léinn na chéad bhliana mar aon le hárasán do mhic léinn sa dara bhliain
- Dhá mhion-Ghaeltacht cathrach
- An Ghaeilge á labhairt mar ghnáth-theanga laethúil.

Ar an suíomh [www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig), gheofar eolas ar an teanga bheo i saol an Choláiste: ranganna, ócáidí sóisialta agus na scéimeanna cónaithe Gaeilge.



Tá Cumann Gaelach an Choláiste ar cheann de na cumainn Gaeilge is mó sa tír- féach [www.cumann.ie](http://www.cumann.ie).

Tá Roinn na Gaeilge lonnaithe i bhFoirgneamh na nEalaíon - féach [www.tcd.ie/irish](http://www.tcd.ie/irish)





COLÁISTE NA TRÍONÓIDE  
BAILE ÁTHA CLIATH  
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL  
ÁTHA  
CLIATH

